

Caolmhóin: Láthair Chatha i gContae Thiobraid Árann

Diarmuid Ó Murchadha

Réamhrá

I gcoilár Chontae Thiobraid Árann ar an 19ú Iúil 1329 tharla dhá thréanarm i ngleic lena chéile. Ar thaobh amháin bhí Uilliam Donn de Búrca, Iarla Uladh, Traolach Ó Conchúir, rí Chonnacht agus Muircheartach Ó Briain, rí Thuamhan, maille le taoisigh eile ó Chontae an Chláir. Ar a n-aghaidh amach bhí uasal Brianach eile, Brian Bán Ó Briain, agus a lucht leanúna. Rud ná beadh súil ag duine leis, chuir fórsa Bhriain Bháin an ruaig ar arm ollmhór a naimhde agus fágadh ceithre scór marbh ar pháirc an chatha. Is beag tagairt a fhaighimid sna leabhair staire dó mar chath, agus is í cuspóir na haiste seo ná iarracht ar Chaolmhóin féin a aimsiú. Ach ní mór i dtosach dul siar leathchéad bliain chun tuiscint cheart a fháil ar chúrsaí na mBrianach sa tréimhse sin.

Caithréim Thoirdhealbhaigh

Sa bhliain 1276 nuair a bhí seanathair Bhriain Bháin .i. Brian Rua, ina rí ar Thuamhain, bhronn rí Shasana an dúiche ar fad ar Thomás de Clár. Chun an lámh in uachtar a fháil ar mhac dearthár leis, Traolach (laoch *Caithréim Thoirdhealbhaigh*), gheall Brian Rua cuid dá thailte a ligint le de Clár dá dtagadh sé i gcabhair air in aghaidh Thraolaigh, rud a rinne sé go fonnmar. Thóg an Clárach caisleán ag Bun Raite agus mháirseáil sé féin agus Brian ó thuaidh. Ach le cabhair na gConnachtach chuir Traolach an ruaig ar a naimhde ó Mhagh Gréasán ar ais go Bun Raite, áit ar éirigh idir na comhghuaillithe ionas gur crochadh Brian Rua ag an gClárach. Ach fós, thaobhaigh mac le Brian, Donnchadh, leis an gClárach céanna, agus thacaigh sé siúd le Donnchadh mar rí (go bhfreasúra) ar Thuamhain go dtí gur mharaigh saighdiúirí Thraolaigh é ar bhruach an Fhorghais sa bhliain 1284. D'ímigh mac eile, Domhnall, go dtí Uí Chonaill Ghabhra (iarthar Chontae Luimnigh) áit ar rugadh Brian Bán ag 'Tobar na gCeithre mBeann' D'fhág san Traolach i gcomhacht go dtí gur cailleadh é (1306), agus a mhac, Donnchadh, mar oidhre air go ceann sé bliana eile. Ina dhiaidh sin, bhí beirt gharmhac le Brian Rua, Diarmaid mac Donnchadha, agus Donnchadh mac Domhnaill, in iomaíocht le Muircheartach mac Traolaigh (na Caithréime), ach fuair Diarmaid bás (1313) agus d'athríoghadh Donnchadh sa bhliain 1317.²

Is ag an bpointe seo a thagann Brian Bán isteach sa scéal. Deartháir le Donnchadh ab ea é, agus nuair a airigh sé scéala an athríogtha bhailigh sé a chomhpháirtithe chun cogaidh. Chruinnigh an dá thaobh in aice le Mainistir Chorca Modhruadh, arm Mhuircheartaigh go raibh a dheartháir Diarmaid ag a cheann, agus Clann Bhriain Rua á stiúru ag Donnchadh agus

Brian Bán. Le linn an chatha maraíodh Donnchadh, briseadh ar Chlann Bhriain, agus theith Brian Bán thar Boireann soir go hÉile.³ (Bhí cos curtha i dteannta cheana féin aige i gContae Thiobraid Árann ón uair a d'ionsaigh sé Uaithne agus Araidh sa bhliain 1313).⁴ Theip ar iarracht a rinne Muircheartach agus a chomhghuallaithe é a cheannsú, agus bhí Brian Bán ar ais i gContae an Chláir an bhliain dar gcionn ag cabhrú leis an gClárach ag cur catha ar Mhuintir Dheaghaidh ag an nDiseart. Ach le cabhair arís ó Fheidhlimidh Ó Conchobhair mharaiodar siúd Riocard de Clár agus a mhac – gníomh a chuir deireadh le réimeas na gClárach i nDál gCais.⁵ D'éalaigh Brian Bán arís ón gcaismirt thar Sionainn soir, agus (le toil Mhuircheartaigh an uair seo) lonnaigh sé i nDúiche Aradh i dtuaisceart Thiobraid Árann, áit ar fágadh Uí Bhriain Aradh mar shliocht air.⁶

Níor chuir sin deireadh leis an imreas, óir nuair a cailleadh Muircheartach sa bhliain 1343, ní raibh a dheartháir, Diarmaid, ach díreach ríoghtha ina ionad nuair a ruaig Brian Bán as an ríocht é. Thug maithe Thuamhan géillsine do Bhrian,⁷ agus d'fhan sé ina rí ar Dhál gCais go dtí gur maraíodh é sa bhliain 1350 – trí ghníomh fill, de réir na n-annál – ag 'Clann Cheoch' .i. Muintir Mhic Eochadha a bhí lonnaithe tráth i mBaile Mhic Eochadha (Ballymakeogh) in Uaithne. In éiric an ghnímh úd mharaigh Traolach Óg (mac le Brian, ní foláir) sé dhuine dhéag de Chlann Cheoch.⁸ Ach cuireadh Diarmaid ar ais mar rí ar Thuamhain, agus ní raibh baint ag sliocht Bhriain Rua leis an ríocht as san amach.

An Chéad Iarla Deasmhumhan

Chaith Brian Bán na blianta idir 1318 agus 1343 ina cheannaire ceannairceach i gCo, Thiobraid Árann. B'iad siúd na blianta go raibh Muiris Mac Thomáis (Mhic Gearailt), i réim sa Mhumhain. Bhí cáil (nó mícháil) ar a lucht leanúna, marcaigh a théadh ar fud an chúige ag sracadh is ag creachadh, iad ar coinmheadh cibé áit ar mhian leo, gan scáth orthu roimh fhórsaí an rialtais a bhí ar an dé deiridh tar éis cogadh na mBrúsach (1315-18). 'Routi McThomas' a tugtaí orthu ar fud na hÉireann, de réir ceann desna fiosrúcháin (*inquisitiones*) a cuireadh ar bun chun míghníomhartha Mhuiris a bhreacadh síos d'fhonn a eisreachtaithe – rud a tharla 1345-6. I mbailte ar fud na Mumhan a tógadh na fiosrúcháin – Cluain Meala, Luimneach, Caiseal, Port Láirge, Corcaigh, Eochail, Fíodh Ard, Cill na Mallach, Cill Mocheallóg, Trá Lí. Ach nuair a achainigh Muiris ar rí Shasana an pionós sin a chur ar ceal, achainí gur éirigh leis (1351), aistriodh cuntais na bhfiosrúcháin go Londain. Cuireadh i gcló iad sa bhliain 1966, agus is iontu atá mionolas ar chúrsaí Mhuiris sa tréimhse sin le fáil.⁹

An chéad uair a dhéantar trácht ar 'Breen obreen' sna cáipéisí sin ná sa bhliain 1321 nuair a bhí sé féin, Diarmaid mac Diarmada (Mhic Carthaigh) agus Uaitéar Carrach Ó Briain i measc lucht leanúna an Ghearlaigh ag creachadh tailte na mBarrach, na gCógánach agus na Róisteach i dtuaisceart Chontae Chorcaí. Tháinig siad 'apud Pomeroy' (? go Mainistir Fhear Maí) agus bratacha ar foluain acu, loisc siad tríocha tithe ag Cill Dairbhre agus ghabh dhá ghiall ó Dháibhidh de Róiste. Cúig bliana ina dhiaidh sin (Lá Fhéile Pádraig 1326) bhí siad ar ais i gContae Chorcaí, Cormac Mac Carthaigh ina dteannta an uair seo, agus mharaiodar cúig dhuine dhéag. I mí Iúil na bliana céanna, tionóladh *confederacio* i gCill Chainnigh ag a raibh Iarlaí Chill Dara agus Lú, Muiris mac Thomáis, Tomás Buitléir, easpag Osraí agus Brian Bán Ó Briain (*comites, episcopus, milites et Breen*). De réir cuntais an *inquisitio* a tógadh i gCluain Meala 1332, shocraigh siad go n-éireoidís amach in aghaidh rí Shasana, go nglacfaidís seilbh ar an tír ar fad, go dtoghfaidís Muiris Mac Thomáis ina rí ar Éirinn, agus go roinnfidís na tailte eatorru siúd a ghlac páirt san éirí-amach.¹⁰

Cé gur éirigh le lucht an rialtais cuid de na comhghuaillithe a mhealladh ar a dtaobh, agus cé gur bhronn rí Shasana Iarlacht Deasmhumhan ar Mhuiris sa bhliain 1329, lean an chogaíocht ar fud na Mumhan ar feadh blianta fada, agus Brian Bán i gceartlár an imris. B'shin í bliain Chaolmhóna, agus is cosúil gurbh i ndiaidh an chatha sin a thug sé féin agus Muiris aghaidh ar Chúige Laighean ar thosach deich míle fear chun Muintir Nualláin a chreachadh agus a dhíbirt.¹¹ Mar a scríobh G.O. Sayles (eagarthóir na bhfiosrúchán): 'Brian O'Brien, the last member of the house of Brian Roe, bitterly resented his exclusion from power in Thomond and he was always something of an Ishmael among English and Irish alike'.¹² Sa bhliain 1330 mharaigh Brian agus a lucht leanúna Sirriam Luimnigh agus a chairde, agus loisc siad a dtailte. Chuir sin ríméad ar Mhuiris, a bhí fairis an bhliain dar gcionn agus iad ag ionsaí fallaí Luimnigh. Theip orthu dul sa chathair ach d'éirigh leo briseadh isteach i gceann desna fo-bhailte, bhain siad boltaí agus glais (*hokes, crocos, twistes et lokes*) desna geataí agus thóg leo iad, maille le haon earra soghluaiste a bhí ar fáil ann.¹³

Sa bhliain chéanna thriall siad thar teorainn isteach i gContae Thiobraid Árann go ceantar Chuillinn agus Dúin Eochaille. Loisc siad mainéir Réamann l'Ercedekene agus ghoid siad idir airgead agus eallach uaidh.¹⁴ Ina dhiaidh sin chreach Brian agus a lucht leanúna Ard Máille (áit ar mharaigh siad Seán le Blound), Maigh Ailbhe, Áth Tuiseal agus Tiobraid Árann – le dea-thoil an Iarla.¹⁵ Ag an bpointe seo d'ordaigh an leasghíúistís (Roger Outlaw) do Shirriam Luimnigh (Roibeárd de Lees) eallach Bhriain sa chontae sin a choigistiú. Ach d'ordaigh an tIarla don Sirriam a chuid a thabhairt ar ais do Bhrian láithreach – rud a rinne sé ar eagla a bháis.¹⁶ Ansin gabhadh Muiris Iarla agus cuireadh i bpríosún an rí é go ndéanfaí é a thriail. D'éalaigh Muiris gan dua,¹⁷ ach i mí Lúnasa 1331 bhí coinne aige leis an ngíúistís ag Cill Chainnigh, d'umhlaigh sé don rí agus gheall sé go mairfeadh sé faoi shíocháin as sin amach.¹⁸

Ach nuair a shíl Brian Bán go ndéanfadh sé amhlaidh ag Luimneach, tháinig an tIarla roimhe sa bhealach agus d'áitigh sé air gur chiallmhaire an mhaise dhó gan dul ann ach leanúint air leis an gcogaíocht.¹⁹ Ní foláir nó ghlac sé leis an gcomhairle mar, de réir Clyn, chuir Uilliam Haicéad cath ar Bhrian ag Durlas sa bhliain 1331 agus mharaigh a lucht leanúna leathchéad de mhuintir Bhriain, ach thit an Haicéadach féin sa chath.²⁰ Gabhadh Iarla Dheasmhumhan go gairid ina dhiaidh san agus coinníodh i gcaisleán Átha Cliath é go ceann dhá bhliain. Gabhadh roinnt dá chomhghuaillithe chomh maith, agus crochadh duine díobh, Uilliam de Bermyngham, i mí Iúil 1332.²¹ Ach sa mhí chéanna réab Brian agus a chara, Mac Con Mara, caisleán Bhun Raite.²² Ní fhéadfadh Muiris de Rupeforti, coimeádaí chaisleáin Áine (Contae Luimnigh), freastal ar Pháirlimint Átha Cliath sa bhliain sin mar gurbh éigean dó cogadh a chur ar Bhrian Ó Briain.²³ An bhliain dar gcionn i mí na Bealtaine ghluais síogadh de chuid an rialtais go dtí an Mhumhain chun Paoraigh agus Brian Ó Briain a cheannús.²⁴ Sa bhliain chéanna (1333) scaoileadh leis an Iarla as Caisleán Átha Cliath, agus níorbh fhada go raibh a lorg le feiceáil ar fud na Mumhan athuair. Sa bhliain 1336 loisc Brian Bán baile agus eaglais Thiobraid Árann *cum hominibus et mulieribus*.²⁵ Ní chloistear mórán ina thaobh ansin ar feadh tamaill; ar ndóigh, bhí cúram ríochta Thuamhan air ón mbliain 1343 amach. Ach sa bhliain 1345 tar éis don Ghíúistís Ralph Ufford gairm scoile a chur amach ag glaoch ar gach tiarna agus fear sa chúige teacht go Caiseal Mumhan chun meirge an rí a leanúint, bhí a mheirge féin ar foluain ag an Iarla, agus lucht leanúna go líonmhar aige – Cormac Mac Carthaigh agus Brian Ó Briain ina measc – ag Cluain Meala agus 'Kyngeswode' (i gContae Phort Láirge). Loisceadar agus chreachadar tigh Elie Burdon i mBaile Uí Bhraonáin (? i

gContae Luimnigh) agus áitribh éagsúla ar fud Chontae Thiobraid Árann.²⁶ Ach ghéill an tIarla don Ghiúistís i gceann bliana agus chaith sé tamall i ngéibheann i Sasana nó gur bronnadh pardún air. B'shin deireadh leis an éirí-amach, agus baineadh díoltas as na Brianaigh; sa bhliain 1348 crochadh mac le Brian Bán i nDurlas i dteannta Dhónaill Uí Cheinneide, agus tarraingíodh coirp na beirte ag éireabaill capall mar mhasla do Bhrian.²⁷

Caolmhóin

Cé nach maireann an t-ainm Caolmhóin a thuilleadh, is cinnte go mbaineann na tagairtí seo leanas le hionad catha i gContae Thiobraid Árann:

Concobar do marbad a ccaelmóin.²⁸

Is é an Briansa tug maidm caolmóna ar ghallaibh agus ar ghaoidelaibh.²⁹

Tá tuairisc ar an gcath i bhformhór na leabhar annál, ach ba sa bhliain 1328 a tharla sé de réir na n-annál Gaeilge, e.g. *Annála Uladh*:

Morshluaighedh le hIarla Uladh 7 le Toirrdhelbach O Concobuir, ri Connacht 7 le Muircertach O m-Briain, ri Muman, i n-aghaidh Briain [U]i Bríain. Maidm le Briain O m-Briain, du inar' marbadh Concobur O Briain, deghadhbur righ Erenn ar dheilbh 7 ar thidhnucal, maille re ceithri fichtibh, eter maith 7 saith.³⁰

Mar an gcéanna do Annála Connacht, *Annála Ríoghachta Éireann*, agus (in aistriúchán Béarla) *Annals of Clonmacnoise*. Ach ní luann aon cheann díobh cá raibh láthair an chatha go dtagaimid go dtí na hannála Laidne. Ceann amháin díobh san, blúire d'annála ón iarthar, tugann sé leagan den ainm Gaeilge:

MCCCXXIX ... interfecti ... Eodem anno Conchubar O Brieyn filius
Torrgealuaygh et Brieyn Mac Dondaiyg et Nicol MacNamara et Taig O
Lochlaynd et Donatus filius Chi~ Mic Mathuna apud Kealmoyn.³¹

Ainm áite eile, áfach, atá in annála Clynn, faoin dáta 20 Iúil 1329:

Breyne O'Breyne apud Yrlef, interfecit de exercitu Willelmi de Burgo comitis
Ultonie, Walterum filium Hilarii de Burgo, Konkur O'Breyne, Nicholaum Mc
Nemare, cum aliis nobilibus de Totmonia.³²

I nóta a scríobh Seán Ó Donnabháin ar an annál sin minítear gur dearmad pinn é 'Y' in ionad an chomhartha do 'Th', agus gur cheart 's' ag a dheireadh (mar gur mhinic 's' agus 'f' á meascadh), ionas gur 'Thurles' (Durlas) an áit a bhí i gceist.³³ In annál eile dhá bhliain ina dhiaidh sin, ceann a luann Brian Ó Briain chomh maith céanna, mar 'apud Yorlys' a litrítear an t-ainm, agus sa bhliain 1347 (mar a bhfuil mac le Brian luaite) 'apud Thurlis'.³⁴ Is léir, mar sin, gurbh i gceantar Durlais a troideadh an cath, b'fhéidir i gceann éigin desna 'móinte' atá thart timpeall an bhaile – Móin na Cíbe (Monakeeba), Móin an Chaca (Monacocka), Móin an Iarla (Monanearla), Bóthar na Móna (Bohernamona).³⁵ Is í Móin an Iarla is dóichí, dar liom; b'fhéidir gur i gcuimhne ar Iarla Uladh a ainmníodh é. Baile fearainn caol é siúd, díreach lastuaidh de stáisiún traenach Dhurlais.

- ¹⁷ *Chart. St. Mary's*, ii, 374.
- ¹⁸ R. Butler, ead., *The annals of Ireland by Friar John Clyn and Thady Dowling* (B.Á.C. 1849) 23.
- ¹⁹ *Anal. Hib.* 23, 14.
- ²⁰ Clyn, 23.
- ²¹ *Chart. St. Mary's* ii, 377.
- ²² *Ibid.*; Clyn, 24.
- ²³ H.G. Richardson & G.O. Sayles, *Parliaments and Councils of medieval Ireland* i (B.Á.C. 1947) 11.
- ²⁴ *43rd report of the Deputy-Keeper of the Public Records in Ireland* (Londain 1912) 56-7.
- ²⁵ Clyn, 34.
- ²⁶ *Anal. Hib.* 23, 27.
- ²⁷ Clyn 34.
- ²⁸ *Leabhar Bhaile an Mhóta (Macasamhail) 188bl (= LM 326; N. Ó Muraíle, ead. Leabhar Mór na nGenealach (B.Á.C. 2003) 641.6) (LGen.)*.
- ²⁹ *Caithréim* i, 180 (= LM 352-3).
- ³⁰ *AU* 1328 (ii, 444-6).
- ³¹ E.J. Gwynn, 'Fragmentary annals from the west of Ireland', *Proceedings of the Royal Irish Academy*, 37C no.8 (1926) 149-57 (151).
- ³² Clyn, 21.
- ³³ Clyn, 56.
- ³⁴ Clyn, 23, 34.
- ³⁵ Táim faoi chomaoin ag Pádraig Ó Cearbhaill ón mBrainse Logainmneacha a chuir tuairisc ar na bailte fearainn úd chugam. Chuir sé in iúl dom leis go mbíodh 'móin' roimh ainm an bhaile fearainn. Loughlahan tráth (*'Móin Locha Leathain', frithchiallach 'Caolmhóin', b'fhéidir?). Ainm eile sa pharóiste a luaigh sé go bhféadfadh baint a bheith aige le cath ná Log na Fola (Lognafulla).
- ³⁶ Féach géinealach na mBrianach i T.W. Moody, F.X. Martin, F.J. Byrne, ead., *A new history of Ireland* ix (Oxford 1984) 152.
- ³⁷ Féach J. O'Donovan, ead., *The tribes & customs of Hy-Many* (B.Á.C. 1843) 44. Tá cuntas ar thailte na mBúrcach i mbar. Chlann Uilliam ar fáil i Marnane, Land and settlement, 201-2.
- ³⁸ G.H. Orpen, *Ireland under the Normans* (Oxford 1911-20) iii, 266.
- ³⁹ *A new history of Ireland* ix, 170.
- ⁴⁰ *Caithréim* i, 180; LM 353. B'fhéidir gur dheartháir é Einrí le Riocard an Fhorbhair de Chlann Riocaird (féach N. Ó Muraíle, ead., *Leabhar Mór na nGenealach* (B.Á.C. 2004) 798F.5).
- ⁴¹ *AU* s.a. 1333 (ii, 450-2).
- ⁴² *ACon.* s.a. 1337.2.
- ⁴³ A.J. Otway-Ruthven, *A history of medieval Ireland* (2ú ead., Londain 1980) 273n.
- ⁴⁴ *Caithréim* i, 180.

[Mo bhuíochas, mar is gnáth, le mo chomhghleacaithe, Pádraig Ó Riain agus Caoimhín Ó Muirigh, a cheartaigh an chéad dréacht den aiste seo].